



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*  
**Gach Satharn 10am—11am**  
**Páidrín gach Domhnach**  
**@ 6.00i.n.**

**Fáilte roimh cách**

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**  
 IBAN: IE81AIBK93740104660088  
 BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**  
 IBAN: IE50AIBK93740104660161  
 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**  
 IBAN IE02AIBK937401046608 31  
**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Seiteanna sa Spidéal ag tosú arís!



Lá: Luan 14ú Meán Fómhair  
*(agus chuile oíche Dé Luain)*

Áit: Coláiste Chonnacht

Am: 7.30 – 9.00 IN

Costas €5 ar gach rang

Glac misneach agus bí linn!

Fáilte Roimh Chách!

**Bain díot do chóta & cuir ort  
do bhróga!**



### Bí Thusa mo shúile

Bí Thusa mo shúile  
 A Rí mhór na ndúl  
 Líon thusa mo bheatha  
 Mo chéadfaí 's mo stuaim  
 Bí thusa i m'aigne  
 Gach oíche 's gach lá  
 Im' chodladh nó im' dhúiseacht  
 Líon mé le do ghrá.

Bí thusa mo threorú  
 I mbriathar 's i mbeart  
 Fan thusa go deo liom  
 Is coinnigh mé ceart  
 Glac cúram mar Athair  
 Is éist le mo ghúí  
 'S tabhair dhomsa áit chónaí  
 Istigh i do chroí.


### Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na hÍobhartha seo.  
 Go líona sé ár gcroíthe le grásta.  
 Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.  
 Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,  
 Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,  
 Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.  
 Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

### Scéal, Scéal, Scéal...

Foilsíonn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga nuachtlitir, saor in aisce, ar líne chuile Dhéardaoin @ 8.00:  
*Scéal, Scéal, Scéal...*  
 Nuacht, scéilíní, fógraí agus eolas faoi cheantar Chois Fharraige a bhíonn ann.  
 Seol do sheoladh ríomhphoist chuig **optchoisfharraige@gmail.com** agus cuirfear leis an liosta thú.



## PARÓISTE AN SPIDÉIL 28Ú DOMHNACH A 11 DEIREADH FÓMHAIR 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. [www.cilleinde.ie](http://www.cilleinde.ie)  
 Oifig: 083 8126745 [Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie](mailto:Ríomhphost:cilleinde@outlook.ie)

**Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00**

### Aifrin & Intinní na Seachtaine

#### ✠ Cill Éinde, Spidéal

|              |     |           |                                                                                                                                                                                     |                                                                                     |
|--------------|-----|-----------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------|
| Dé Domhnaigh | 11ú | 11.00r.n. | Mario Miglioli<br>Mary Willie Uí Chualáin cuimhneachán Breith lá 100 bliain<br>Seán Mhicil Ó Droighneáin & tuismitheoirí Áine & Mícheál<br>Seán Costello 32ú Cuimhneacháin          | Milan/Spidéal<br>Bóthar na hAbhann<br>Baile an tSléibhe<br>Baile an Domhnalláin     |
| Dé Céadaoin  | 14ú |           | <b>Níl aon Aifreann</b>                                                                                                                                                             |                                                                                     |
| Déardaoin    | 15ú |           | <b>Níl aon Aifreann</b>                                                                                                                                                             |                                                                                     |
| Dé hAoine    | 16ú |           | <b>Níl aon Aifreann</b>                                                                                                                                                             |                                                                                     |
| Dé Domhnaigh | 18ú | 11:00r.n. | Nóra & Pádraic Ó Cualáin<br>Agnes, Tommy & Eamonn Hughes<br>Catherine & Ned Conway & muintir<br>Nora & Mike Gill<br>Hannah Kyne<br>Beartla Ó Curraoin, a bhean Bríd & a mhac Bertie | Bothúna<br>Spidéal<br>Spidéal<br>Cappagh/Bearna<br>Moycullen/Londain<br>Cnocán Glas |

#### ✠ Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

|             |     |          |                                                 |                           |
|-------------|-----|----------|-------------------------------------------------|---------------------------|
| Dé Sathairn | 10ú | 6.30i.n. | Antaine & Síle Mac Donnacha<br>Rory Ó Conghaile | Ros a'Mhíl<br>Na Doireadh |
| Dé Sathairn | 17ú | 6.30i.n. | John Connolly                                   | Na Doireadh/Yorkshire     |

#### ✠ Cill Mhuire, Na Minna

|              |     |        |                                                                        |                               |
|--------------|-----|--------|------------------------------------------------------------------------|-------------------------------|
| Dé Domhnaigh | 11ú | 9:30am | Nan Uí Fhátharta, fear céile Pádraic, iníon Mary Ann & muintir ar fad. | Béal an Atha                  |
| Dé Domhnaigh | 18ú | 9:30am | Stiofán Ó Tuathail & a mhuintir                                        | Cartúr Leathan/Crumlin Bridge |

**Loinneog don Iontróid** – Sm 129:3-4  
Dá gcoinneofá cuimhne, a Thiarna, ar chionta, a Thiarna cé thiocfadh slán? Tugann tusa maithiúnas sna peacaí, a Dhia Isráél.

*An Ghlóir*

Glóir do Dhia sna harda,  
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**  
**Molaimid thú; móraimid thú; adhramid thú;**  
**tugaimid glóir duit;**  
**gabhairimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**  
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**  
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**  
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**  
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

Go raibh do ghrásta romhainn agus inár ndiaidh, a Thiarna. Go siola sé ionainn díocas buan chun na beatha síoraí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 25:6-10*  
Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir cóisir shaille, cóisir de rogha na bhfionta, de smíor na saille, de thogha agus rogha na bhfionta. Tógfaidh sé ar siúl ar an sliabh seo an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an Bás ar ceal go deo. Triomóidh an Tiarna Dia na deora de na haghaidheanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile, óir is é an Tiarna a dúirt. Déarfár an lá sin: Breathnaí, is é ár nDia é, a rabhamar ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é a rabhamar ag dréim leis. Tá gairdeas agus lucháir orainn mar gur shlánaigh sé sinn; óir tá lámh an Tiarna ag lonnú ar an sliabh seo.  
*Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.*

**Salm le Freagra – Sm 22**

*Fr: I dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe.*

1. Is é an Tiarna m’aoire,  
ní bheidh aon ní de dhíth orm.

- Cuireann sé i mo luí mé i móinéar féaruaithe.  
Seoladh sé ar imeall an uisce mé,  
mar a bhfaighim suaimhneas. *(Fr)*
2. Seolann sé mé ar rianta díreacha mar gheall ar a ainm.  
Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais,  
níor bhaol liom an t-olc agus tú faram le do shlat is do bhachall chun sólas a thabhairt dom. *(Fr)*
3. Cóiríonn tú bord chun béile dom i bhfianaise mo naimhde,  
Ungann tú mo cheann le hola;  
tá mo chupán ag cur thar maoil. *(Fr)*
4. Leanfaidh cineáltas is fabhar mé gach uile lá de mo shaoil.  
I dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe. *(Fr)*

**An Dara Léacht**

*Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh 4:12-14, 19-20*  
A bhráithre, tá eolas agam ar an gcaolchuid agus ar an bhflúirse. Tá seantaithí agam ar gach sórt: ar an mór-dhóthain agus ar an ocras, ar an bhflúirse agus ar an ngannchuid. Táim in ann gach ní a dhéanamh le cabhair an Té úd a bheir neart dom. Mar sin féin ba mhaith an mhaise daoibhse teacht i gcabhair orm i mo chruachás. Agus déanfaidh mo Dhia riar go fíal ar gach riachtanas daoibhse as a fhflúirse féin trí Íosa Críost. Moladh go deo le Dia, ár nAthair. Amen.  
*Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.*

**Alleluia, alleluia!**

Is spiorad agus is beatha iad d’fhocail, a Thiarna;  
is agatsa atá briathra na beatha síoraí.  
**Alleluia!**

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha 22:1-14*  
Chuir Íosa chun labhairt i bparabail leis na príomh-shagairt agus le seanóirí an phobail arís: ‘Is iad dála ríocht na bhflaitheas,’ ar seisean, ‘mar a bhí ag rí a rinne bainis dá mhac. Chuir sé a chuid seirbhíseach uaidh ag glaoch orthu seo a fuair cuireadh: ‘Féach, tá an féasta ullamh agam, mo chuid mart agus méatha maraithe, agus gach aon ní i gcóir: tagaigí chun na bainise.’ Ach ba chuma leo é, ach imeacht, duine acu chun a fheirme agus duine eile i mbun ceannaíochta, agus an chuid eile acu rugadar ar a chuid seirbhíseach, thugadar easmuilt dóibh agus mharaíodar iad. Tháinig fearg ar an rí, agus chuir sé a shaighdiúirí amach gur chuireadar na scríostóirí chun báis agus gur loisceadar a gcathair. Ansin dúirt sé leis na seirbhísigh: “Tá an bhainis réidh, ach an dream a fuair an cuireadh, níorbh fhiú iad é. Mar sin, téigí sibhse i mbéal na mbóthar poiblí, agus cibé daoine a chasfar oraibh, tugaigí cuireadh chun na bainise dóibh.” Chuaigh na

seirbhísigh sin amach ar na bóithre agus bhailíodar ar casadh orthu, olc agus maith, go raibh halla na bainise lán de chuideachta. Ghabh an rí isteach ag féachaint ar an gcuideachta, agus chonaic sé fear ann nach raibh aon éadach bainise air. Dúirt sé leis: “Cad a thug isteach anseo thú, a chara, gan éadach bainise ort?” Ach ní raibh focal as. Ansin dúirt an rí leis an lucht freastail: “Cuirtear ceangal cos agus lámh air agus caitear amach sa dorchadas é: is ann a bheidh gol agus díoscán fiacal.” Óir tá glaoite ar mhórán ach níl tofa ach beagán.’  
*Soiscéal an Tiarna. Moladh duit, a Chríost.*

*An Chré*

**Creidim in aon Dia amháin,**  
**an tAthair uilechumbachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**  
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**  
**Mac Aonghine Dé,**  
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**  
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**  
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**  
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**  
**is tríd a rinneadh an uile ní.**  
**Ar ár son-na, an cine daonna,**  
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**  
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**  
**agus ghlac sé nádúr daonna.**  
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi**  
**Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**  
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na**  
**Scríoptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**  
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**  
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**  
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**  
**Creidim sa Spiorad Naomh,**  
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**  
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**  
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an**  
**Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**  
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach,**  
**aspalda.**  
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun**  
**maithiúnas na bpeacaí.**  
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**  
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**

A Thiarna, glac leis na hurnaithe agus leis na hiobairtí a ofrálann do fhiréin duit. Go seoltar ar aghaidh sinn chun glóir na bhflaitheas trí na dualgais dílseachta agus deabhóide seo a chomhlíonaimid. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.  
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

***Deasghnáth na Comaoineach***

**Iarchomaoineach**

Beathaíonn tú sinn le Corp agus Fuil do Mhic, a Dhia mhór na glóire. Tabhair páirt dúinn chomh maith ina bheatha dhiaga. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

*Go raibh an Tiarna libh. Agus le do spiorad féin.*

*Go mbeannai Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. Amen.*